C/2026/4739

7.9.2026

Foilsiú na hiontrála 'Madd de Casamance' sa Chlár Idirnáisiúnta um Ainmniúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1753 [1]

(Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin)

(C/2026/4739)

An 17 Lúnasa 2026, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin [2], thug Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) fógra don Aontas Eorpach faoin iontráil seo a leanas sa Chlár Idirnáisiúnta:

Ainm: 'Madd de Casamance'(GI-1459)

Cineál an táirge: Madd úr (Saba senegalensis), sú madd nó neachtar, síoróip madd, subha madd

Tír thionscnaimh: An tSeineagáil (Páirtí conarthach Tionscnaimh: African Intellectual Property Organization - OAPI)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne chosaint an ainm laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1753 agus ar an bhforas a leagtar amach ann. Féadfar freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, laistigh de 4 mhí féilire ón lá atá inniu ann, ag:

AGRI-Geographical-Indications@ec.europa.eu

Féadfar an fógra a cheadú sa Chlár Idirnáisiúnta atá ag EDMI ag an nasc seo a leanas:

WIPO website_GI 1459

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019 lch. 1).

[2] Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 15).